Na Dréacht-Fhodhlíthe um Reiligí, 2026

De bhun alt 199 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001



comhairle chontae na mí
meath county council

comhairle chontae na mí
meath county council

Clár Ábhar

Fodhlíthe Chomhairle Chontae na Mí um Reiligí, 2026 3

1. Gearrtheideal: 3
2. Dáta Tosaigh Feidhme: 3
3. Cúlra leis na Fodhlíthe 3
4. Léirmhíniú ar na Téarmaí 3
5. Cur i bhFeidhm na bhFodhlíthe 4
6. Reachtaíocht, Rialacháin agus Treoirlínte 4
   - Reachtaíocht 5
   - Rialacháin 5
7. Leagan amach reiligí nua 5
8. Iarsmaí Daonna 5
9. Áis Shaolta 5
10. Uaigheanna nó Spásanna Adhlactha a Shainiú 5
11. Méid na nUaigheanna 5
12. Toilleadh 5
13. Uaigheanna a dhéanamh 5
14. Sochraidí 5
15. An Modh Adhlactha 6
16. Doimhneacht an Adhlactha 6
17. Láithreacha Adhlactha a Oscailt 6
18. Cur Isteach ar Adhlacadh 6
19. Dí-adhlacadh 6
20. Iarsmaí Créamtha – Luaithreach a Adhlacadh 6
21. Balla Colmlainne 6
22. Clár na nAdhlacthaí 7
23. Taifid sa Chlár 7
24. Uaigheanna nó Láithreacha Adhlactha a Leithdháileadh 7
25. Láthair Adhlactha a Fháil 7
26. Cuairteoirí 8
27. Páirceáil 8
28. Earraí a Dhíol 8
29. Crainn, Toir, Fálú agus Bláthanna 9
30. Colbhaí agus Clocha Buin 9

31. Leachtanna a Chur Suas 9
32. Dúshraith lena nÚsáidtear Bíomaí 10
33. Oibreacha in Úirleachais 10
34. Oibrithe nach nOibríonn in Úirleachas 11
35. Struchtúr nó réada briste ar Láthair Adhlactha a bhaint agus a dheisiú 11
36. Suíocháin a Sholáthar 11
37. Damáiste 11
38. Ag Scríobh ar Leachtanna 11
39. Dramhaíl 11
40. Mótarfheithiclí a Úsáid 11
41. Reachtaíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht 12
42. Sláinte agus Sábháilteacht – Árachas 12
43. An tÚirleachas a Bhainistiú 12
44. Forfheidhmiú 12
45. Sárú Fodhlíthe 12

Fodhlíthe Chomhairle Chontae na Mí um Reiligí, 2026

Arna ndéanamh ag Comhairle Chontae na Mí, de bhun Alt 199 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú) chun Úirleachais a Rialú, arna bhforbairt agus arna mbainistiú ag Comhairle Chontae na Mí mar úirleachais phoiblí.

1. Gearrtheideal:

Fodhlíthe Chomhairle Chontae na Mí um Reiligí, 2026, is teideal do na Fodhlíthe seo.

2. Dáta Tosaigh Feidhme:

Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2026

3. Cúlra leis na Fodhlíthe:

a) Díorthaítear cumhachtaí agus dualgais na Comhairle maidir le húirleachais ó na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 2001, na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2024, na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil (Fodhlíthe), 2006 agus na hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 go 2014. De bhun Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, leis seo déanann an Chomhairle na Fodhlíthe seo a leanas.

b) Rinneadh na Fodhlíthe seo ar mhaithe leis an leas coiteann chun gníomhaíochtaí in Úirleachais na Comhairle a rialáil agus a rialú.

c) Déanfaidh an Chomhairle, maidir le haon úirleachas de chuid na Comhairle, Rialacháin a eisiúint le hordú i leith Úirleachais na Chomhairle agus/nó, úirleachais shonracha de chuid na Comhairle.

d) Le Rialacháin a eisítear faoi na Fodhlíthe seo, féadfar aon ábhar mionsonra a chumhdach maidir leis an dóigh a ndéantar adhlacthaí nó cuir in Úirleachais na Comhairle.

e) Tá feidhm ag forálacha Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 maidir leis na Séadchomharthaí Taifeadta uile laistigh d'Úirleachais na Comhairle agus measfar nach dtiocfaidh aon ní anseo in ionad fhorálacha na nAchtanna sin.

4. Léirmhíniú ar na Téarmaí:

Ar fud na bhFodhlíthe seo, beidh na bríonna seo a leanas le húsáid na dtéarmaí seo a leanas:

- Ciallaíonn "Duine Údaraithe" duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gComhairle le bheith ina dhuine nó ina duine údaraithe chun críocha na bhFodhlíthe seo nó comhalta den Gharda Síochána.
- Ciallaíonn "Bíoma nó Dúshraith" taca le haghaidh cloch chinn nó leachta i gcás ina soláthraítear sin cheana san úirleachas.
- Folaíonn "Adhlacadh" iarsmaí daonna a adhlacadh nó iarsmaí daonna créamtha a chur.
- Tá le "Reilig" an bhrí a thugtar dó in Alt 44 den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1944. Le haghaidh na rialachán seo, úsáidfear an téarma 'Reilig' ar bhealach comhchiallach leis na téarmaí 'Úirleachas' nó 'Ionad Adhlactha' agus leis sin tagrófar d'aon Úirleachas nó Reilig arna bhainistiú nó arna bainistiú nó arna fhorbairt

nó ar forbairt ag an gComhairle agus folaíonn sé aon charrchlós a sholáthraítear nó a úsáidtear i gcomhar leis an Reilig.

- Tá an "Clár Adhlactha", ar a dtugtar an Clár, ina chlár arna choinneáil ag an gComhairle.
- Ciallóidh "Feighlí" an Feighlí (más ann) a cheaptar d'Úirleachas de chuid na Comhairle.
- Ciallóidh "Cónra" 'cisteog' freisin, rud a dhéantar d'adhmad de ghnáth, chomh maith le cineálacha eile gabhdán chun corpán a chur isteach ann roimh adhlacadh.
- Ciallóidh "Colmlann" balla chun síothla ina bhfuil iarsmaí créamtha a stóráil.
- Ciallóidh "Úirleachas de chuid na Comhairle" úirleachas arna bhainistiú agus arna fhorbairt ag an gComhairle mar úirleachas poiblí.
- Ciallaíodh "Spás Créamtha" cuasán i mBalla Colmlainne ina ndéantar luaithreach créamtha an duine éagtha a chur isteach sa chuasán.
- Ciallóidh "Láthair Síothla Créamtha" limistéar ainmnithe, atá i bhfad níos lú, go hiondúil, ná uaigheanna nó láithreacha adhlactha lánmhéide in úirleachas nó atá lonnaithe laistigh d'uaigheanna nó láithreacha adhlactha caighdeánacha sainithe d'úirleachas, ina gcuirtear luaithreach d'iarsmaí créamtha i láithreacha síothla agus ina ndéantar iad a adhlacadh faoi thalamh.
- Ciallóidh Ceadúnas Dí-adhlactha Ceadúnas arna eisiúint de bhun an Achta Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 arna leasú agus de bhun na bhforálacha reachtúla uile eile is infheidhme.
- Ciallaíonn "Cead Cloiche Cinn" cead arna eisiúint ag an gComhairle chun cloch chinn a chur suas ar bhíoma láithreach adhlactha.
- Ciallaíonn "Conraitheoir Úirleachais Neamhspleách" duine a chuireann obair i gcrích nó a fhéachann le hobair a chur i gcrích laistigh d'Úirleachas agus folaíonn sé aon reiligire agus aon tógálaí leachtanna nó conraitheoir nó duine eile nach bhfuil fostaithe go díreach ag an gComhairle chun obair a chur i gcrích in Úirleachas.
- Ciallaíonn "Spás Adhlactha nó Uaigh" limistéar atá sainithe chun daoine a adhlacadh ann, agus i gcás ina n-éilítear amhlaidh leis an gcomhthéacs, folóidh sé Colmlann nó cuid di.
- Ciallaíonn "Úirleachas Plásógach" Úirleachas nó cuid d'Úirleachas inarb amhlaidh nach gceadófar colbhaí ná suiteálacha comhchosúla eile a chur ann agus ina ndéanfar cothabháil ar na codanna uile den Úirleachas, lena gcuimsítear láithreacha adhlactha, mar limistéir féir.
- Ciallaíonn "Cuasán" spás adhlactha os cionn na talún ina gcuirtear síothal, ina bhfuil iarsmaí créamtha.
- Ciallóidh "Plionta" dúshraith choincréite threisithe a dearadh mar bhíoma talún lena dtacaítear go leanúnach chun tacú le Clocha Cinn nó Leachtanna Cuimhneacháin.
- Ciallaíonn "Láthair Adhlactha" limistéar d'úirleachas arb éard atá ann uaigh nó spás adhlactha amháin nó dhá cheann ar a ndéantar cur síos murach sin mar láthair adhlactha aonair nó dhúbailte.
- Ciallóidh "Ceart Adhlactha" an ceart chun bheith adhlactha nó chun iarsmaí créamtha a adhlacadh in uaigh ar leith faoi na Fodhlíthe seo.
- Ciallaíonn "Úinéir Cirt Adhlactha" duine dar tugadh Ceart Adhlactha.
- Beidh "Comharthaí Uaighe Sealadacha" níos lú ná toise cloiche cinn ceadaithe, nó cothrom leis sin, agus beidh siad déanta as adhmad, miotal nó cloch, agus as sin amháin. Ní fhanfaidh leachtanna sealadacha i bhfeidhm ach amháin ar feadh uastréimhse 18 mí ón dáta adhlactha.
- Ciallaíonn "an Chomhairle" Comhairle Chontae na Mí.

5. Cur i bhFeidhm na bhFodhlíthe

Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis na húirleachais uile ar a ndéanann an Chomhairle forbairt agus bainistíocht.

6. Reachtaíocht, Rialacháin agus Treoirlínte

Rialáiltear bainistíocht Reiligí le reachtaíocht, rialacháin, ciorcláin, treoirlínte agus beartais éagsúla maidir leis an tsláinte, mar a leagtar amach anseo thíos:

Reachtaíocht: Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 2001 – Na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Fodhlíthe), 2006 – Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 –
Na hAchtanna fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 go 2011.

Rialacháin: Na Rialacháin maidir le Reiligí, 1888 go 2013 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 go 2022

7. Leagan amach reiligí nua

Forbrófar na Reiligí nua uile ar leagan amach stíle plásóige. I gcás inarb iomchuí, forbrófar síntí leis na Reiligí atá ann cheana sa stíl sin freisin nó i cibé leagan amach malartach a fhorbróidh an Chomhairle ó am go chéile.

8. Iarsmaí Daonna

Ní dhéanfar ach amháin iarsmaí daonna agus iarsmaí daonna créamtha a adhlacadh in úirleachas.

9. Áis Shaolta

Tá Láithreacha Adhlactha ar fáil do chách faoi réir Fhodhlí 25.0, gan beann ar bhonn creidimh. Tá Úirleachais uile na Comhairle atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Mí ina n-úirleachais il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha.

10. Uaigheanna nó Spásanna Adhlactha a Shainiú

Sna húirleachais uile, roinnfear an limistéar atá le húsáid le haghaidh uaigheanna nó láithreacha adhlactha i spásanna adhlactha, agus beidh siad le sainiú le marcanna áisiúla, ionas gur féidir suíomh gach spáis adhlactha a fháil amach go héasca.

Sna húirleachais uile, coimeádfar léarscáil nó léarscáileanna comhfhreagracha den úirleachas in áit áisiúil éigin agus cuirfear ar fáil í nó iad lena hiniúchadh nó lena n-iniúchadh ag gach duine. Ar an léarscáil nó ar na léarscáileanna sin, taispeánfar gach spás adhlactha lena mharc suaithinseach greanta air. Féadfaidh na léarscáileanna sin a bheith i bhfoirm pháipéir nó leictreonach.

11. Méid na nUaigheanna

Leagfar amach mionsonraí de thoisí uaighe ar an bhFoirm Iarratais ar Láthair Adhlactha le haghaidh gach Reilige ar leith.

12. Toilleadh

Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun toilleadh gach uaighe nó láithreach adhlactha nó cuasáin a chinneadh.

a) Tá an líon adhlacthaí ar ar féidir riar in uaigh nó láthair adhlactha ag brath ar thosca éagsúla, lena n-áirítear dálaí na talún. Ní dhearbhóidh an Chomhairle ach go mbeidh adhlacadh amháin in aon uaigh nó láthair adhlactha ar leith. I gcás ina mbeidh toilleadh

teoranta in uaigh nó láthair adhlactha de dheasca gurb ann do charraigeacha nó baic eile i láthair adhlactha a sainíodh chun níos mó ná adhlacadh amháin a éascú, féadfaidh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar gach cás ar bhonn aonair agus breithniú a dhéanamh ar uaigh nó láthair adhlactha ionadaíoch a leithdháileadh nó a cheannach.

b) Beidh dearadh nó toise síothal oiriúnach don spás atá ar fáil laistigh de chuasáin nó láithreacha síothla.

13. Uaigheanna a dhéanamh

Ní dhéanfaidh ach amháin conraitheoirí a bheidh údaraithe ag an gComhairle tochaltáin i ndáil le hadhlacthaí.

14. Sochraidí

Ní mór Iarratais ar Láthair Adhlactha a thabhairt don Chomhairle a luaithe is féidir. Riarfar ar adhlacthaí a dhéantar ar feadh an deiridh seachtaine nó laethanta saoire bainc faoi réir féidearthacht oibríochtúil.

Tar éis foirm iarratais chomhlánaithe ar Láthair Adhlactha a fháil, leithdháilfidh an Chomhairle an chéad láthair adhlactha eile a bheidh ar fáil don adhlacadh.

Éileofar comhaontú roimh ré ó Chomhairle Chontae na Mí chun cóistí capaill a úsáid i reiligí. Lena n-oibriú, déanfar na ceanglais cheadúnúcháin agus na rialacháin leasa ainmhithe uile is infheidhme a chomhlíonadh go docht.

15. An Modh Adhlactha

Ní cheadófar aon adhlacadh in aon Úirleachas, ná ní ligfear corpán aon duine éagtha isteach in aon áit ina nglactar corpáin roimh adhlacadh, mura mbeidh an corpán curtha isteach i gcónra atá déanta d'adhmad, i dtaiséadach nó in ábhar eile atá sách láidir agus a thagann leis na Rialacháin um Rialáil Reiligí go léir atá infheidhme. Ní mór iarsmaí créamtha a choinneáil i síothal nó i gcisteog bheag.

16. Doimhneacht an Adhlactha

Déanfar na hadhlacthaí uile i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Reiligí a bhunaítear faoin Public Health (Ireland) Act, 1878.

Ceadófar suas le huasmhéid de 2 adhlacadh cónra in uaigh aonair agus ceithre cinn in uaigh dhúbailte, faoi réir dhálaí talún an úirleachais agus cibé coinníollacha a shonróidh an Chomhairle ó am go chéile.

17. Láithreacha Adhlactha a Oscailt

a) Ní mór fógra a thabhairt don Chomhairle i gcónaí sula n-osclaítear uaigh.
b) Ní osclófar aon uaigh, ina mbeidh aon iarsmaí adhlactha, ach amháin chun críche adhlactha nó dí-adhlactha, gan cead a fháil i scríbhinn ón gComhairle.
c) Ní bhainfear iarsmaí daonna i gcás ar bith ó láthair adhlactha gan Ceadúnas Dí-adhlactha a bheith faighte.
d) Ceadófar iarsmaí créamtha (luaithreach) i láthair adhlactha atá ann cheana, ar choinníoll go mbeidh doimhneacht agus spás leordhóthanach ann mar a chinnfidh an tÚdarás Áitiúil.

18. Cur Isteach ar Adhlacadh

Ní chuirfidh aon duine cosc ná ní fhéachfaidh sé nó sí le cosc a chur le hadhlacadh aon duine in úirleachas ná ní chuirfidh sé nó sí isteach ar cheiliúradh deasghnátha sochraide i leith aon duine.

19. Dí-adhlacadh

Ní bhainfear aon chorpán, ná iarsmaí aon chorpáin, ó áit adhlactha amháin chuig áit eile, ná ní dhí-adhlacfar é gan toiliú a fháil roimh ré ón gComhairle rud a bheidh i bhfoirm Ceadúnais Dí-adhlactha ("an Ceadúnas") agus le cibé réamhchúraimí a fhorordóidh an Chomhairle mar choinníoll an Cheadúnais sin; agus aon duine a bhainfidh aon chorpán nó iarsmaí den sórt sin, nó a chuideoidh leis sin a dhéanamh, contrártha don Riail seo, nó nach n-urramóidh na réamhchúraimí a fhorordaítear mar choinníoll an Cheadúnais maidir le baint, beidh sé nó sí ag sárú na bhFodhlíthe seo.

20. Iarsmaí Créamtha – Luaithreach a Adhlacadh

Ní cheadaítear iarsmaí créamtha a scaipeadh in Úirleachas.

21. Balla Colmlainne

a) Is féidir le gach cuasán caighdeánach sa Bhalla Colmlainne dhá shíothal a choinneáil, nó trí shíothal ar a mhéad, de réir mhéid agus dhearadh na síothla a roghnaítear.
b) Ní mór do luaithreach a bheith i ngabhdáin chaighdeánacha de réir mar a mheasann an Chomhairle a bheith inghlactha.
c) Ní cheadófar ach amháin do phearsanra na Comhairle nó d'údaráis eile cuasán a oscailt sa Bhalla Colmlainne.
d) Ní mór foirm na Comhairle maidir le hIarratas ar Chead Cuasáin a chomhlíonadh leis na hinscríbhinní ar chuasáin. Maidir le greanadh nach gcomhlíontar na caighdeáin leo, bainfear iad.

22. Clár na nAdhlacthaí

a) Coimeádfar Clár (dá ngairfear an Clár anseo feasta) in áit áisiúil éigin, nó ag príomhoifigí na Comhairle agus beidh sé ar oscailt lena iniúchadh gach tráth réasúnach.
b) Féadfaidh an Chomhairle a chur faoi deara go gcoimeádfar aon Chlár i bhfoirm leictreonach nó mheaisín-inléite mar mhalairt ar fhormáid pháipéir.
c) Coimeádfar cóip chlóite de na Fodhlíthe seo greamaithe d'aon Chlár a choimeádtar i bhformáid pháipéir.

23. Taifid sa Chlár

Tar éis aon duine, nó a iarsmaí nó a hiarsmaí créamtha, a adhlacadh in úirleachas, cuirfidh an Chomhairle faoi deara, tar éis na fíorais ó ghaol éigin leis an duine éagtha, nó ón duine a ordaíonn nó a bhainistíonn an t-adhlacadh, a fhiosrú i gceart, taifead a dhéanamh sa Chlár, i litreacha soiléire agus inléite, faoina cheannteidil chuí, agus in ord uimhriúil, den Chéadainm agus den Sloinneadh, de dháta an bháis, den dáta breithe, i dteannta a áite nó a háite cónaithe deiridh, nó cibé faisnéis eile lena sainaithneofaí na hiarsmaí go leordhóthanach.

Tar éis an adhlactha, déanfaidh an Chomhairle taifead cuí faoina cheannteideal ceart de mharc suaithinseach na Láithreach Adhlactha.

24. Uaigheanna nó Áiteanna Uaighe a Leithdháileadh

a) a) Chun a chinntiú go ndéanfar forbairt ar Úirleachais i gcomhréir le ceanglais reachtacha maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde agus ar mhaithe le forbairt ordúil, leithdháilfear uaigheanna nó láithreacha adhlactha laistigh d'Úirleachas in ord seicheamhach docht, faoi réir uaigheanna nó láithreacha adhlactha a bheith oiriúnach d'adhlacthaí maidir le fad scartha leordhóthanach a choinneáil ó uaigheanna nó láithreacha adhlactha cóngaracha nuadhéanta.
b) Coinneoidh an Chomhairle léarscáil lena dtaispeántar na huaigheanna nó na láithreacha adhlactha leithdháilte do gach reilig a bhainistíonn an tÚdarás Áitiúil agus cuirfear ar fáil í lena hiniúchadh ag gach duine ach é a iarraidh, gach tráth réasúnach. Ar gach léarscáil,

taispeánfar gach uaigh nó láthair adhlactha agus Láthair Síothla Créamtha, mar is infheidhme lena marc suaithinseach inscríofa uirthi, e.g. cuid, sraith agus uimhir.

25. Láthair Adhlactha a Fháil

a) Aon duine a fhéachann le Ceart Adhlactha a fháil in aon Láthair Adhlactha úirleachais nó i gCuasán i mBalla Colmlainne, ní mór dó nó di Foirm Iarratais ar Láthair Adhlactha a chomhlánú ar dtús agus í a chur faoi bhráid na Comhairle nó féachaint chuige go gcuirfear iarratas den sórt sin isteach thar a cheann nó a ceann agus ní dhéanfar aon adhlacadh sula leithdháilfidh an Chomhairle Láthair Adhlactha.

b) I gcás ina gcoinneofar adhlacóir chun socruithe sochraide a dhéanamh, íocfaidh an t-adhlacóir, nuair a iarrtar sin air nó uirthi, aon táillí leis an gComhairle, ar táillí iad a bheidh infheidhme ag an tráth i leith ceart adhlactha a fháil.

c) Trí Cheart Adhlactha a fháil in Úirleachas, ní thugtar leis sin úinéireacht ná cearta maoine sa láthair adhlactha ná sa chuasán sa Bhalla Colmlainne ach, ina ionad sin, tugtar Ceadúnas chun an céanna a úsáid chun luaithreach a chur nó a stóráil.

d) Trí Cheart Adhlactha a fháil in Úirleachas, ní cheadaítear cloch chinn a chur suas gan Cead Cloiche Cinn.

e) Ní cheadaítear Ceart Adhlactha in Úirleachas a aistriú chuig tríú páirtí.

f) Maidir le láithreacha adhlactha sna reiligí uile, ní bheidh siad ar fáil lena bhfáil ach amháin tráth báis. Níl láithreacha adhlactha ar fáil lena bhfáil roimh ré.

g) Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin i leith adhlacadh atá beartaithe do dhuine a chónaíonn sa limistéar áitiúil ina bhfuil an reilig lonnaithe nó ag a bhfuil naisc sheanbhunaithe leis an limistéar sin. Breithneofar an méid sin ar bhonn cás ar chás agus is de réir rogha na Comhairle a bheidh an méid sin.

h) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart aon tráth sa todhchaí chun athbhreithniú agus sonrú a dhéanamh ar an líon uasta d'Uaigheanna nó de Láithreacha Adhlactha, de Láithreacha Síothla Créamtha nó Spásanna Créamtha, mar is infheidhme, a gheofar aon tráth ar leith.

26. Cuairteoirí

a) Ní rachaidh cuairteoirí isteach in Úirleachas ná ní fhágfaidh siad é ach amháin tríd an mbealach isteach. Déanfaidh cuairteoir aon gheata a osclaíonn sé nó sí ag Úirleachas a dhúnadh agus a athdhaingniú.

b) Ní shiúlfaidh cuairteoirí ar aon cheann de na rosáin in Úirleachas. I gcás ina soláthraítear cosáin nó aibhinní, ní shiúlfaidh aon duine ar láithreacha adhlactha ná ar imfháluithe ach fanfaidh sé nó sí taobh istigh de theorainneacha na gcosán nó na n-aibhinní iontu.

c) Cé is moite de mhadraí cuidithe a thionlacann daoine, ní cheadaítear d'aon mhadraí nó ainmnithe eile dul isteach in Úirleachas gan réamhshocrú a dhéanamh leis an gComhairle.

d) Ní chaithfidh cuairteoirí bruscar laistigh den Úirleachas.

e) Forchoimeádann Comhairle Chontae na Mí an ceart chun uaireanta oscailte a Reiligí a athrú ó am go chéile de réir mar is gá.

f) Iompróidh na daoine uile iad féin go measúil le linn dóibh a bheith san Úirleachas agus ní dhéanfaidh aon duine an méid seo a leanas:

   I. Aon suaitheadh a dhéanamh d'aon ghnó.
   II. Aon núis a dhéanamh lena n-áirítear truailliú ó thorann.
   III. Cur isteach d'aon turas ar aon adhlacadh atá á dhéanamh.
   IV. Cur isteach ar aon uaigh nó láthair adhlactha nó uaimh, aon leac uaighe nó aon leacht cuimhneacháin eile nó aon phlandaí ar aon uaigh nó láthair adhlactha den sórt sin.

V. Aon chluiche nó spórt a imirt.
VI. Rothaíocht a dhéanamh, dul ag clárscátáil nó ar aon mheaisín comhchosúil.
VII. Ceol a sheinm seachas nuair a cheadaítear sin ag sochraidí nó ag imeachtaí san Úirleachas a mbeidh faomhadh faighte roimh ré ón gComhairle lena n-aghaidh.
VIII. Leibhéil torainn a dhéanamh chomh hard sin go measfaidh an Chomhairle gur núis atá iontu.
IX. Aon iompraíocht fhrithshóisialta a dhéanamh nó alcól a ól.
X. Aon bhille nó fógra a chur suas ar aon bhalla nó struchtúr laistigh de theorainneacha an Úirleachais.

g) Gach tráth, beidh an Chomhairle nó a Gníomhairí i dteideal aon duine a bhaint den Úirleachas, agus beidh ar a cumas nó ar a gcumas sin a dhéanamh, ar duine é nó í a fhéadfaidh a bheith ciontach i mí-iompar ann agus beidh sí nó siad i dteideal cosc a chur ar aon duine dul isteach in Úirleachas tráthanna toirmiscthe, agus beidh ar a cumas nó ar a gcumas sin a dhéanamh.

27. Páirceáil

a) I gcás ina soláthraíonn an Chomhairle carrchlós laistigh d'Úirleachas de chuid na Comhairle nó taobh leis, beidh páirceáil teoranta do na feithiclí in úsáid ag daoine a fhreastalaíonn ar adhlacthaí, agus a thugann cuairt ar uaigheanna agus a dhéanann cothabháil orthu.
b) Ní cheadófar aon pháirceáil thar oíche ná fhadtéarmach.

28. Earraí a Dhíol

a) Ní dhíolfaidh aon duine aon earraí, seirbhís nó seirbhísí, tráchtearra nó rud d'aon chineál ar chor ar bith ná ní thairgfidh sé nó sí aon ní den sórt sin ná ní thaispeánfaidh sé nó sí aon ní den sórt sin lena dhíol ná ní iarrfaidh sé nó sí orduithe don chéanna laistigh den úirleachas.
b) Maidir le haon duine a dhíolann nó a iarrann orduithe amhlaidh laistigh d'úirleachas, mar a dúradh, féadfaidh an Chomhairle a ordú dó nó di an t-úirleachas a fhágáil agus ní ligfear isteach arís é nó í gan cead na Comhairle.

29. Crainn, Toir, Fálú agus Bláthanna

a) Ní chuirfidh aon duine aon chrainn nó toir ar aon láthair adhlactha nó ar aon suíomh eile san Úirleachas.
b) Faoi réir Fhomhír (c) thíos, ní cheadófar bláthanna, fleasca nó aon mhaisiúchán ar aon láithreacha adhlactha a leagtar amach mar phlásóg.
c) Féadfar bláthanna gearrtha, ómós bláthanna, fleasca agus maisiúchán eile a chur ar uaigh nó ar láthair adhlactha lá an adhlactha agus iad fanacht ann ar feadh dhá lá féilire tar éis an adhlactha, agus ina dhiaidh sin bainfidh úinéir an Chirt Adhlactha na réada sin den uaigh.
d) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun aon chrann, tor, planda, bláth, fleasc nó maisiúchán a ghearradh siar nó a bhaint, má mheasann sí faoina rogha féin go bhfuil sé nó sí gránna, fiáin, nó má mheasann an Chomhairle gur núis é ó thaobh cothabháil oibríochtúil nó de dheasca gearán a fuarthas.
e) Ní cheadófar bláthanna cuimhneacháin in úirleachais phlásógacha ach amháin nuair a chuirtear ar bhíoma na cloiche cinn iad agus cuirfear de láimh iad i gceart ar bhealach eile seachas san úirleachas.

30. Colbhaí agus Clocha Buin

a) Ní cheadófar aon cholbhaí d'aon saghas in Úirleachas de chuid na Comhairle.
b) I gcás ina gcuirtear suas seit cloiche colbha nó cloch bhuin in Úirleachas de chuid na Comhairle de shárú ar na Fodhlíthe seo, cuirfear úinéir an Chirt Adhlactha ar an eolas faoi

shárú na bhFodhlíthe seo agus ordófar dó nó di i scríbhinn an seit cloiche colbha nó an chloch bhuin a bhaint laistigh de thréimhse shonraithe, nach gairide ná 21 lá ón dáta ordaithe. I gcás nár chomhlíon úinéir an Chirt Adhlactha fógra den sórt sin, féadfaidh an Chomhairle gan aon fhógra eile, na hearraí lochtacha a bhaint agus an costas a bhaineann le haon bhaint de láthair adhlactha úinéir an Chirt Adhlactha a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla.

31. Leachtanna a Chur Suas

a) Ní chuirfear suas aon leacht d'aon saghas nó ábhar ná ní thógfar é ar aon áit adhlactha, nó ar aon láthair adhlactha, san úirleachas, mura mbeidh, agus go mbeidh, an struchtúr faofa, i scríbhinn, ag an gComhairle i bhfoirm Ceada Cloiche Cinn nó Ceada Cuasáin.

b) Is féidir go gceanglóidh an Chomhairle ar iarratasóirí faisnéis a chur san áireamh in aon iarratas ar Chead Cloiche Cinn nó ar Chead Cuasáin lena n-áirítear mionsonraí de leacht beartaithe, ábhair bheartaithe, mionsonraí struchtúracha agus mionsonraí dearaidh.

c) Beidh clocha cinn déanta as eibhear, aolchloch, marmar nó cibé ábhar eile a fhaomhfaidh an Chomhairle agus beidh siad garbh nó snasta.

d) Ní sháróidh toisí cloiche cinn na toisí a leagtar amach ó am go chéile i gCead Cloiche Cinn na Comhairle.

e) Beidh na struchtúir uile feistithe ar bhíoma nó plionta a sholáthraíonn an Chomhairle.

f) Ní mór Cead Cloiche Cinn nó Cead Cuasáin a bheith ar fáil lena iniúchadh ag aon Oifigigh de chuid na Comhairle nuair a éileofar é.

g) Sainaithneofar an líon adhlacthaí go soiléir ar aon chloch chinn a sholáthraítear.

h) Féadfaidh an Chomhairle aon leacht a bhaint anuas má cuireadh suas é ar bhealach atá contrártha do na téarmaí agus do na coinníollacha ar ar deonaíodh cead chun an céanna a chur suas, nó i gcás inar cuireadh suas é gan Cead Cloiche Cinn nó Cead Cuasáin oifigiúil ón gComhairle, nó i gcás inar sháraigh sé an airde a cheadaítear leis na Fodhlíthe seo,i gcás inar tógadh é le hábhair seachas na cinn a cheadaítear leis na Fodhlíthe seo. Féadfaidh an Chomhairle an costas a bhaineann le haon bhaint a ghnóthú ón duine nó ó na daoine atá freagrach as an leacht a chur suas mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla.

i) Ní sháróidh Comharthaí Uaighe Sealadacha airde 1.2 méadar os cionn leibhéal na talún.

j) Déanfar adhlacthaí i gcomhréir leis an gcleachtas Sláinte agus Sábháilteachta. Úsáidfear gaireas tacaíochta agus uaigheanna á dtochailt cibé áit is gá agus sna cásanna uile ina sáraíonn an seomra adhlactha 1.2 méadar faoi bhun leibhéal na talún.

k) Níl leachtanna le cur suas ná oibreacha gaolmhara le déanamh ach amháin le linn uaireanta oibre. Chun críocha na bhFodhlíthe seo, beidh uaireanta oibre Úirleachais ann ó 8am go 4pm Luan go hAoine.

l) Taispeánfar ainm cuideachta soláthraí nó suiteálaí aon leachta go soiléir agus go buan ar an leacht.

m) Sainaithneofar uimhir na huaighe go soiléir ar an gcloch chinn.

n) Aon tráth le linn tuama, leacht, uaimh, cloch chinn, táibléad, cloch cholbha nó struchtúr buan d'aon saghas a thógáil nó a chur suas laistigh d'úirleachas, féadfaidh an Chomhairle a cheangal ar an duine nó ar na daoine a chuireann na hoibreacha i gcrích an Cead Cloiche Cinn a bhaineann leis na hoibreacha sin a thaispeáint lena iniúchadh agus féadfaidh sí a ordú go scoirfear de na hoibreacha go gcuirfear ar fáil é.

o) Maidir le greanadh ar chuasáin ar Bhallaí Colmlainne, ní fhéadfaidh ach amháin conraitheoirí a bheidh ceaptha ag an gComhairle é a chur i gcrích.

p) Ní mór do na conraitheoirí uile aon doiciméadacht Sláinte agus Sábháilteachta agus doiciméid árachais a iarrtar lena slánaítear Comhairle Chontae na Mí a sholáthar sula n-eisítear aon Chead Cloiche Cinn nó Cuasáin.

q) Le linn adhlacthaí, scoirfidh na conraitheoirí uile de na hoibreacha uile go gcuirfear deireadh leis an tseirbhís sin agus tar éis tréimhse réasúnach ionas go bhfágfaidh muintir an mharbhánaigh agus caointeoirí eile an tÚirleachas.

r) Ar gach leacht a chuirtear suas ní mór an litir agus an uimhir lena ndealaítear an áit adhlactha a ghreanadh go hinléite agus go domhain ar thaobh na láimhe clé d'aghaidh an bhoinn i gCló Dubh Arial ¾ orlach nó 20mm. Ní cheadófar aon leacht a chur suas mura mbeidh an litir agus an uimhir shainiúil sin greanta air.

s) Féadfar a cheadú grianghraif poircealláin chabhartha den duine éagtha a ghreamú ar aghaidh na Cloiche Cinn, ar choinníoll nach sáróidh na toisí 100mm x 75mm.

t) Aon ábhar amhail coincréit, moirtéal nó a leithéid sin a úsáideadh agus an chloch chinn á cur suas, ní cheadófar é a leathnú lasmuigh de bharr an Bhíoma, agus bainfidh an duine a bheidh i gceannas ar an gcloch chinn a chur suas an t-ábhar barrachais uile den úirleachas.

u) Fostóidh úinéir na gceart adhlactha a Chonraitheoir nó a Conraitheoir Úirleachais Neamhspleách féin chun aon leacht a chur suas. Ní chuirfidh Conraitheoirí Úirleachais Neamhspleácha den sórt sin oibreacha i gcrích ach amháin tar éis Cead Cloiche Cinn a fháil ón gComhairle agus comhlíonfaidh siad cibé coinníollacha a shonróidh an Chomhairle ó am go chéile. Aon duine a sháraíonn an Fodhlí seo, fágfaidh sé nó sí an tÚirleachas láithreach, ach é a iarraidh, agus ní rachaidh sé nó sí isteach arís gan cead a fháil ón gComhairle.

32. Dúshraith lena nÚsáidtear Bíomaí

In aon úirleachas inar soláthraíodh bíoma cloiche cinn aon tráth, cuirfear an chloch chinn nó aon chineál leachta eile atá á mholadh suas agus úsáid á baint as an mbíoma cloiche cinn iomchuí mar an dúshraith.

33. Oibreacha in Úirleachais

a) Maidir leis na hoibreacha uile i Reiligí, ní dhéanfar iad ach amháin le toiliú roimh ré ón gComhairle.

b) Maidir le haon leacht i Reilig a sainíodh mar Leacht Náisiúnta, ní chuirfear isteach air gan faomhadh a fháil ó OOP agus ón gComhairle agus le haon oibreacha beartaithe comhlíonfar ceanglais Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta go hiomlán.

c) Maidir le gaineamh, gairbhéal agus stroighin nó ábhair eile a dhumpáil agus a mheascadh chun coincréit a dhéanamh nó leachtanna a chur suas, ní cheadaítear sin ar chosáin ná ar thalamh neamhchosanta agus ní mór é a chur i gcrích ar ardáin iniompartha.

d) Maidir leis na hábhair bharrachais uile a bheidh fágtha nuair a bheidh an obair curtha i gcrích, bainfidh an conraitheoir nó úinéir na gCeart Adhlactha iad ó laistigh de theorainneacha na Reilige tráth a chríochnaítear na hoibreacha.

e) Maidir leis na hoibreacha uile a bhaineann le leachtanna nó a leithéid a chur suas sa Reilig agus a dhéanann úinéirí na láithreacha adhlactha, a ngníomhairí nó a n-ionadaí, lena n-áirítear conraitheoirí leachtanna, féadfaidh siad a bheith faoi réir mhaoirseacht agus rialú na Comhairle nó a hionadaí.

34. Oibrithe nach nOibríonn in Úirleachas

Cloífidh Adhlacóirí, Conraitheoirí Leachtanna agus Conraitheoirí Faofa le rialacha agus rialacháin uile an úirleachais ina n-oibríonn siad.

35. Struchtúr nó réada briste ar Láthair Adhlactha a bhaint agus a dheisiú

a) Tá Úinéir na gCeart Adhlactha freagrach as réada nó struchtúir bhriste nó lofa a bhaint agus a dheisiú ar láthair adhlactha.

b) Féadfaidh an Chomhairle aon réad nó struchtúr briste nó lofa ar Láthair Adhlactha a thógáil anuas nó a bhaint. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an Chomhairle an costas a

bhaineann le haon bhaint den sórt sin a ghnóthú ó úinéir nó úinéirí na gceart adhlactha, mar fhiach conartha shimplí.

c) Slánóidh Úinéirí Ceart Adhlactha an Chomhairle ar aon éileamh ó aon duine a eascraíonn as riocht nó deisriocht réad nó struchtúr ar Láthair Adhlactha.

36. Suíocháin a Sholáthar

a) Ní cheadófar ach amháin na suíocháin a sholáthraíonn an Chomhairle in aon úirleachas agus bainfear aon suíochán nó suíocháin eile faoi rogha na Comhairle.

b) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun aon troscán neamhúdaraithe a bhaint faoina rogha féin.

37. Damáiste

Aon duine a dhéanann damáiste do phlásóga, láithreacha adhlactha, ballaí, cabhsaí, crainn, toir, beidh sé nó sí freagrach as costais an deisiúcháin, rud a fhéadfaidh an Chomhairle a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí.

38. Ag Scríobh ar Leachtanna

Ní scríobhfaidh aon duine aon fhocal nó siombail, a mheasfaí mar mhaslach i measc an phobail, ar aon leacht.

39. Dramhaíl

Aon duine a chruthaíonn dramhaíl in Úirleachas, déanfaidh sé nó sí socrú chun go mbainfear ón Úirleachas í go pras agus chun go gcuirfear de láimh í i gcomhréir leis an dlí.

40. Mótarfheithiclí a Úsáid

Aon duine a úsáideann mótarfheithicil in Úirleachas, ní dhéanfaidh sé nó sí amhlaidh ach ar charrbhealach a oireann don chríoch agus le toiliú na Comhairle agus cloífidh sé nó sí le haon teorainn luais a bheidh i bhfeidhm ag an tráth.

41. Reachtaíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht

a) Maidir leis na daoine uile a chuireann obair i gcrích laistigh d'Úirleachas, tabharfaidh siad aird chuí ar aon treoir a eisíonn an Chomhairle maidir le cleachtais oibre shlána laistigh d'Úirleachas agus comhlíonfaidh siad í.

b) Cuirfear na hoibreacha agus na gníomhaíochtaí uile i gcrích i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 arna leasú.

c) Maidir leis na daoine uile a chuireann obair i gcrích laistigh d'Úirleachas, tabharfaidh siad aird chuí ar a sábháilteacht féin agus ar shábháilteacht daoine eile san úirleachas.

42. Sláinte agus Sábháilteacht – Árachas

a) Maidir leis na daoine uile a chuireann obair i gcrích laistigh d'úirleachas, ceanglófar orthu árachas leordhóthanach Dliteanais Phoiblí agus Dliteanais Fostóra (más infheidhme) a bheith acu, chuig leibhéal a chinneann an Chomhairle ó am go chéile agus cuirfidh siad cóip de na polasaithe árachais ábhartha ar fáil má éilítear sin orthu.

b) Maidir leis na hAdhlacóirí, na Dealbhóirí Leachtanna agus na Conraitheoirí uile a chuireann obair i gcrích san Úirleachas, beidh cumhdach Árachais Dliteanais Phoiblí i bhfeidhm acu chuig luach íosta €6.5 milliún mar aon le cumhdach Árachais Dliteanais Fostóra chuig luach íosta €13 milliún agus cuirfidh siad cruthúnas ar an gcéanna faoi bhráid na Comhairle ach é a iarraidh. Ó am go chéile, cinnfidh an Chomhairle coigeartuithe ar luach an chumhdaigh árachais is gá. I ndoiciméid polasaí Árachais Dliteanais Phoiblí agus Dliteanais Fostóra, áireofar an clásal seo a leanas: "Slánófar an Chomhairle ar na héilimh tríú páirtí uile a fhéadfaidh teacht chun cinn as oibreacha a dhéanann an tÁrachaí"

43. Bainistiú Úirleachais

Féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar aon duine a ndealraíonn sé go bhfuil foráil de na Fodhlíthe seo á sárú aige nó aici nó gur sháraigh sé nó sí foráil díobh staonadh ón sárú sin agus i gcás ina mainníonn sé nó sí géilleadh d'iarraidh den sórt sin, féadfaidh sé nó sí a bheith ina ábhar nó ina hábhar don bhaint dá dtagraítear i bhFodhlí 26 thuas.

44. Forfheidhmiú

a) Duine a bhacann, a choisceann nó a dhiúltaíonn iarraidh a chomhlíonadh, ar iarraidh í ó chomhalta den Gharda Síochána, ón gComhairle nó óna Gníomhairí a ghníomhaíonn i ndáil le comhlíonadh na bhFodhlíthe seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

b) I gcás ina mbeidh Oifigeach de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go raibh cion déanta ag duine lena mbaineann na Fodhlíthe seo, féadfaidh an tOifigeach nó an Garda, ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear an t-éileamh sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion.

c) I gcás ina mbeidh comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go raibh cion déanta ag duine lena mbaineann na Fodhlíthe seo, féadfaidh an comhalta sin an duine a ghabháil gan bharántas. Féadfaidh an Chomhairle nó comhalta den Gharda Síochána cion faoi na Fodhlíthe seo a ionchúiseamh.

d) Beidh na Fodhlíthe ceangailteach ar na páirtithe uile ag a bhfuil áiteanna adhlactha san Úirleachas agus ar na daoine uile eile atá nasctha leis an Úirleachas agus ar chuairteoirí chuig an Úirleachas go n-athróidh nó go leasóidh an Chomhairle iad agus beidh siad ceangailteach ansin mar a athraíodh agus mar a leasaíodh iad amhlaidh.

45. Sárú Fodhlíthe

a) Aon duine a sháraíonn foráil de na Fodhlíthe seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair sa Chúirt Dúiche, fíneáil nach mó ná €2,500.00 a chur air nó uirthi.

b) Má sháraíonn aon duine aon fhoráil shonraithe de na Fodhlíthe seo, féadfaidh an Chomhairle, de bhun alt 206(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú), Fógra Íocaíochta Seasta a sheirbheáil ar an duine sin (féach Sceideal 1), lena sonraítear íocaíocht sheasta, mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith an tsáraithe sin. Tá méid na híocaíochta seasta cothrom le €75 agus ní mór méid na híocaíochta seasta sin a íoc laistigh d'aon lá is fiche (21) ón dáta a sheirbheáiltear an Fógra Íocaíochta Seasta sin má tá an duine sin chun ionchúiseamh a sheachaint.

c) Beidh aon duine ar a seirbheáiltear Fógra Íocaíochta Seasta i dteideal neamhaird a thabhairt ar an bhfógra sin agus ionchúiseamh an tsáraithe líomhnaithe a chosaint sa chúirt.

d) Aon duine a chiontaítear i gcion lena ngabhann sárú ar na Fodhlíthe seo, agus a leanann den sárú sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion gach lá a leanann an sárú sin agus dlífear, ar é nó í a athchiontú ar chúis éigin i ngach cion den sórt sin, fíneáil laethúil suas le €126 nó cibé fíneáil eile a shonrófar agus a bheidh mar thoradh ar aon leasú ar alt 205 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 a chur air nó uirthi.

I LÁTHAIR NUAIR A RINNEADH GNÁTHSHÉALA

Chomhairle Chontae na Mí

A chur i gceangal leis seo

Acht Rialtais Áitiúil, 2001 chun fíordheimhniú a dhéanamh ar

Shéala na Comhairle

Sceideal 1

Fógra íocaíochta seasta chun críocha Alt 206 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001

AINM AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL _____

Chuig: Ainm _____

Seoladh _____

_____

_____

Líomhnaítear gur sháraigh tú forálacha fodhlí a rinneadh faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 dar teideal ..... trí ..... (i dtéarmaí ginearálta sonraigh cineál an tsáraithe) ag ..... an .....

Le linn na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra seo, féadfaidh tú suim ..... euro a íoc, agus an fógra seo á thabhairt ar aird nó á chur i gceangal, ag oifigí an údaráis áitiúil a ainmnítear san fhógra seo atá lonnaithe ag .....

Ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an tsáraithe líomhnaithe le linn na tréimhse sin agus má íoctar an tsuim ..... euro le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh aon tráth.

Sínithe ..... Dáta .....

(Duine Údaraithe)

Tábhachtach Glacfar íocaíocht ag oifigí an údaráis áitiúil a shonraítear thuas agus ní mór di a bheith ag gabháil leis an bhfógra seo. Féadfar íocaíocht a dhéanamh tríd an bpost. Ba cheart seiceanna etc. a dhéanamh iníoctha le "" (ainm an údaráis áitiúil). Eiseofar admháil.

Tá tú i dteideal neamhaird a thabhairt ar an bhfógra seo agus ionchúiseamh an tsáraithe líomhnaithe a chosaint sa chúirt.

Arna thabhairt faoi Shéala Oifigiúil an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an 7ú lá seo d'Iúil, 2006.

L.S. Dick Roche

_____

An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

www. meath. ie

